



AN NÓS IMEACHTA BUISÉADACH

Ó Chonradh 1970 agus 1975, cuireadh le ról Parlaimint na hEorpa sa phróiseas buiséadach diaidh ar ndiaidh. Le Conradh Liospóin tugadh don Parlaimint an guth céanna leis an gComhairle faoi bhuiséad iomlán AE.

BUNÚS DLÍ

- Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;
- Airteagail 36 go 52 de na Rialacha Airgeadais (Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle^[1]);
- Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a d'fhorghas an Parlaimint an 19 Samhain 2013 agus a d'fhorghas an Chomhairle an 2 Nollaig 2013^[2], i ndiaidh d'Uachtaráin na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin teacht ar chomhaontú polaitiúil an 27 Meitheamh 2013.

CUSPÓIRÍ

Is éard atá i gceist le cumhachtaí buiséadacha a fheidhmiú ná an tsuim iomlán agus an dáileadh ar chaiteachas bliantúil AE, mar aon leis an ioncam is gá chun é sin a chumhdach, a leagan síos, agus rialú ar chur chun feidhme an bhuiséid a fheidhmiú. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas buiséadach féin ná an buiséad a ullmhú agus a ghlacadh. ([1.4.1](#) le haghaidh mionsonraí ar ioncam AE, [1.4.2](#) le haghaidh mionsonraí ar chaiteachas, [1.4.3](#) le haghaidh mionsonraí ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), [1.4.4](#) le haghaidh mionsonraí ar chur chun feidhme agus [1.4.5](#) le haghaidh mionsonraí ar rialú buiséadach).

[1] IO L 298, 26.10.2012, lch. 1.

[2] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.



CUR SÍOS

A. Cúlra

Tá an t-údarás buiséadach comhdhéanta de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle. Roimh 1970, bhí na cumhachtaí buiséadacha dílsithe don Chomhairle amháin; ní raibh ach ról comhairleach ag an bParlaimint. Le Conarthaí an 22 Aibreán 1970 agus an 22 Iúil 1975, méadaíodh cumhachtaí buiséadacha na Parlaiminte.

- Le Conradh 1970, cé gur coinníodh ceart na Comhairle an focal scoir a bheith aici maidir le 'caiteachas éigeantach' ag eascairt as oibleagáidí Conartha nó as gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir leis an gConradh, tugadh don Pharlaimint an focal scoir ar 'chaiteachas neamhéigeantach', arbh ionann é ar dtús agus 8 % den bhuiséad;
- Le Conradh 1975, tugadh an ceart don Pharlaimint an buiséad a dhiúltú ina iomláine.

Go dtí gur tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, rinne an Chomhairle agus an Pharlaimint dhá léamh i rith an nós imeachta bhuiséadaigh araon, agus bhí an Pharlaimint in ann an buiséad ina iomláine a ghlacadh nó a dhiúltú.

Níor tugadh aon mhodhnú substaintiúil isteach le Conarthaí ina dhiaidh sin go dtí gur tugadh isteach na hathruithe móra le Conradh Liospóin. Le Conradh Liospóin, tháinig nós imeachta buiséadach níos simplithe agus níos trédhearcaí isteach (comhchinnteoireacht bhuiséadach). Eascraíonn na modhnuithe sin go príomha ón idirdhealú idir caiteachas éigeantach agus caiteachas neamhéigeantach a bhaint as, chun go gcaithfí leis an gcaiteachas go léir faoin nós imeachta céanna. Rinneadh an nós imeachta a shimpliú tuilleadh, gan ach léamh amháin a bheith i ngach institiúid, bunaithe ar an dréachtbhuiséad arna thíolacadh ag an gCoimisiún.

B. Seo a leanas céimeanna an nós imeachta:

Leagtar amach in Airteagal 314 CFAE na céimeanna agus na teorainneacha ama is gá a urramú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh. Mar sin féin, aontaíonn na hinstiúidí ar fhéilire 'pragmatach' gach bliain in am trátha roimh thus an nós imeachta bhuiséadaigh bunaithe ar an gcleachtas reatha.

1. An chead chéim: an dréachtbhuiséad á leagan síos ag an gCoimisiún

Déanann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle treoirínte a leagan síos maidir leis na tosaíochtaí don bhuiséad. Tarraingíonn an Coimisiún suas an dréachtbhuiséad agus cuirtear ar aghaidh é chuig an gComhairle agus chuig an bParlaimint faoin 1 Meán Fómhair ar a dhéanaí (faoi Airteagal 314(2) CFAE, ach faoi dheireadh Aibreáin nó faoi thús na Bealtaine de réir an amchláir phragmataigh). Féadfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad a mhodhnú ag céim níos deireanaí chun forbairtí nua a chur san áireamh, ach tráth nach déanaí ná tionól an Choiste Idir-réitigh (féach thíos).



2. An dara céim: seasamh na Comhairle maidir leis an dréachtbhuiséad a leagan síos

Glacann an Chomhairle a seasamh ar an dréachtbhuiséad agus cuireann sí ar aghaidh é chuig an bParlaimint faoin 1 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí (faoi Airteagal 314(3) CFAE, ach faoi dheireadh lúil de réir an amchláir phragmataigh). Ní mór don Chomhairle an Pharlaimint a chur go hiomlán ar an eolas faoi na cúiseanna a thug uirthi a seasamh a ghlacadh.

3. An tríú céim: Léamh na Parlaiminte

Tá 42 lá ag an bParlaimint freagra a thabhairt. Laistigh den tréimhse sin, féadfaidh sí glacadh le seasamh na Comhairle nó diúltú cinneadh a ghlacadh, agus sa chás sin meastar an buiséad a bheith glactha go cinntitheach, nó féadfaidh an Pharlaimint leasuithe a ghlacadh trí thromlach na gcomhaltaí a chomhdhéanann í, agus sa chás sin cuirtear an dréacht leasaithe ar ais chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún. Déanfaidh Uachtarán na Parlaiminte, i gcomhaontú le hUachtarán na Comhairle, cruinniú den Choiste Idir-réitigh a thionól láithreach.

4. An ceathrú céim: cruinniú den Choiste Idir-réitigh agus glacadh an bhuiséid

Ó lá a thionóla, bíonn 21 lá ag an gCoiste Idir-réitigh (atá comhdhéanta d'ionadaithe chomhaltaí na Comhairle agus líon comhionann d'ionadaithe na Parlaiminte) téacs comhpháirteach a chomhaontú. Chun é sin a dhéanamh, ní mór an cinneadh a bheith glactha ag thromlach cáilithe de chomhaltaí na Comhairle nó a n-ionadaithe agus ag tromlach d'ionadaithe na Parlaiminte. Beidh an Coimisiún rannpháirteach in imeachtaí an Choiste Idir-réitigh agus glacfaidh sé gach tionscnamh is gá d'fhonn seasamh Pharlaimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a thabhairt le chéile.

I gcás nach dtagann an Coiste Idir-réitigh ar chomhaontú maidir le téacs comhpháirteach laistigh den tréimhse 21 lá dá dtagraítear thuas, ní mór don Choimisiún dréachtbhuiséad nua a chur faoina bhráid. Má chomhaontaíonn an Coiste Idir-réitigh ar théacs comhpháirteach faoin spriocdháta, bíonn 14 lá ansin ag an bParlaimint agus ag an gComhairle ó dháta an chomhaontaithe sin chun an téacs comhpháirteach a fhormheas. Sa tábla a leanas tugtar achoimre ar na torthaí féideartha ag deireadh na tréimhse 14 lá.

Próiseas formheasta an téacs chomhpháirtigh idir-réitigh

Seasaimh maidir leis an téacs comhpháirteach	An Parlaimint	An Chomhairle	Toradh
+ = glactha - = diúltaithe 0 = níor glacadh aon chinneadh	+	+	Glactar an téacs chomhpháirteach
		-	Tacú le seasamh na Parlaiminte, b'fhéidir ^[3]
		0	Glactar an téacs chomhpháirteach
	0	+	Glactar an téacs chomhpháirteach

[3]Tarlaíonn sé sin má dheimhníonn an Pharlaimint cuid de na leasuithe roimhe sin nó iad uile, ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í agus le trí chúigiú de na vótaí a chaitear. Mura n-éiríonn leis an bParlaimint an tromlach is gá a fháil, glactar an seasamh atá comhaontaithe sa téacs comhpháirteach.



		-	Dréachtbhuiséad nua ón gCoimisiún
		0	Glactar an téacs chomhpháirteach
		+	Dréachtbhuiséad nua ón gCoimisiún
	-	-	Dréachtbhuiséad nua ón gCoimisiún
		0	Dréachtbhuiséad nua ón gCoimisiún

Má chuirtear an nós imeachta i gcrích go rathúil, dearbhaíonn Uachtarán na Parlaiminte go bhfuil an buiséad glactha go cinntitheach. I gcás nach bhfuil comhaontú tugtha i gcrích faoi thús bliana airgeadais, cuirtear córas na ndóú codanna déag sealadacha i bhfeidhm go dtí go bhféadfar teacht ar chomhaontú. Sa chás sin, féadfar suim nach mó ná an dóú cuid déag de na leithreasáí buiséid don bhliain airgeadais roimhe sin a chaitheamh gach mí i leith aon chaibidle den bhuiséad. Ní rachaidh an tsuim sin áfach, thar an dóú cuid déag de na leithreasáí dá bhforáiltear sa chaibidil chéanna den dréachtbhuiséad. Mar sin féin, féadfaidh an Chomhairle, faoi Airteagal 315 CFAE, ar thogra ón gCoimisiún, caiteachas níos mó ná an dóú cuid déag a údarú (i gcomhréir le hAirteagal 16 de na Rialacha Airgeadais) mura rud é go gcinneann an Pharlaimint taobh istigh de 12 lá an caiteachas arna údarú ag an gComhairle a laghdú.

5. Buiséid fhorlíontacha agus leasaitheacha

I gcás cúinsí dosheachanta, eisceachtúla nó gan choinne (i gcomhréir le hAirteagal 41 de na Rialacha Airgeadais), féadfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha a mholadh lena leasaítear an buiséad atá glactha don bhliain reatha. Tá na buiséid leasaitheacha sin faoi réir na rialacha céanna leis an mbuiséad ginearálta.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

A. Cumhachtaí arna dtabhairt le hAirteagal 314 CFAE

I 1970, ghnóthaigh an Pharlaimint an ceart chun an focal scoir a bheith aici ar chaiteachas neamhéigeantach. Tháinig méadú ar sciar an chaiteachais neamhéigeantaigh ó 8 % den buiséad i 1970 go dtí os cionn 60 % den bhuiséad in 2010, an bhliain dheireanach ina ndearnadh an t-idirdhealú. Agus deireadh curtha leis an idirdhealú idir caiteachas éigeantach agus caiteachas neamhéigeantach (CFAE), tá cumhachtaí comhpháirteacha ag an bParlaimint anois leis an gComhairle ar gach caiteachas buiséid. Is féidir a mheas go bhfuil seasamh na Parlaiminte níos láidre fiú ná seasamh na Comhairle ós rud é nach féidir leis an gComhairle buiséad a fhorchur riamh i gcoinne thoil na Parlaiminte, ach gur féidir leis an bParlaimint i gcúinsí ar leith an focal scoir a bheith aici agus buiséad a fhorchur i gcoinne thoil na Comhairle (féach B.4 thuas). Is beag seans go dtarlódh a leithéid áfach, agus is fearr a rá go bhfuil an nós imeachta buiséadach nua bunaithe, den chuid is mó, ar fhíor-chomhchinnteoireacht (bíodh is go bhfuil sé sainiúil) idir an Pharlaimint agus an Chomhairle, ar chomhchéim lena chéile, agus go gcumhdaíonn sé caiteachas uile an Aontais. Dhiúltaigh an Pharlaimint an buiséad ina iomláine faoi dhó (Nollaig 1979 agus Nollaig 1984) ó tugadh an chumhacht di é sin a dhéanamh i 1975. Faoi na rialacha nua a aontaíodh le Conradh Liospóin, níor éirigh leis an gCoiste Idir-réitigh teacht ar chomhaontú trí huairé (maidir le buiséad 2011, 2013 agus 2015). Sna trí chás sin, glacadh go cinntitheach an



dréachtbhuiséad nua a thólaic an Coimisiún, rud a léiríonn an neas-chomhghéilleadh a bhíonn i gceist le hidir-réiteach.

I gcás bhuiséad 2019, ghlac an Chomhairle go foirmiúil an 7 Nollaig 2018 comhaontú ar thánghas air idir an Pharlaimint agus an Chomhairle. Rinneadh vóta ar an mbuiséad agus ghlac an Pharlaimint é i suí iomlánach an 12 Nollaig 2018. Chomhaontaigh na hidirbheartaithe pacáiste comhréitigh EUR 165.8 billiún i ngealltanais agus EUR 148.2 billiún in íocaíochtaí. Dírionn buiséad 2019 ar an óige, nuálaíocht, fostaíocht, slándáil agus cosaint.

B. Comhaontuithe Idirinstitiúideacha maidir le smacht buiséadach agus leis na creataí airgeadais ilbhliantúla (CAInna) ([1.4.3](#))

I ndiaidh díospóidí ar bhonn leantach a bhain le bunús dlí chur chun feidhme an bhuiséid, ghlac na hinstitiúidí dearbhú comhpháirteach i 1982, lena leagtar síos freisin bearta a bhí ceaptha chun cur i gcrích an nós imeachta bhuiséadaigh a áirithiú i mbealach níos réidhe. Leanadh é sin le sraith Comhaontuithe Idirinstitiúideacha a chumhdaigh na tréimhsí seo a leanas: 1988-1992, 1993-1999, 2000-2006 agus 2007-2013. Chuir na comhaontuithe leanúnacha sin creat tagartha idirinstiúideach ar fáil i dtaca leis an nós imeachta buiséadach agus chuir siad feabhas mór ar an tslí a n-oibríonn an nós imeachta buiséadach.

Tháinig an Comhaontú Idirinstitiúideach reatha i bhfeidhm an 23 Nollaig 2013^[4]. Tá sé mar aidhm aige an nós imeachta buiséadach bliantúil a éascú agus forálacha rialachán CAI a chomhlánú (ar rialachán é atá ceangailteach anois, agus a bhfuil uasteorainneacha ceangailteacha aige), go háirithe ar na hionstraimí speisialta lasmuigh de CAI. Baineann na forálacha sin leis na hionstraimí speisialta seo a leanas: Cúlchiste um Chabhair Éigeandála, Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, an Ionstraim Sholúbthachta, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus an Corrlach Teagmhais.

Cé nach dtagann CAInna in ionad an nós imeachta bhuiséadaigh, tá cineál nós imeachta comhchinnteoireachta buiséadach tugtha isteach faoi na Comhaontuithe Idirinstitiúideacha, a cheadaíonn don Pharlaimint a ról mar bhrainse iomlán den údarás buiséadach a dhearbhu, a creidiúnacht mar institiúid a chomhdhlúthú agus an buiséad a dhíriú i dtreo a tosaíochtaí polaitiúla. Tá sé mar choinníoll freisin i gConradh Liospóin agus sna Rialacha Airgeadais nach mór don bhuiséad bliantúil cloí leis na huasteorainneacha a leagtar síos i CAI, agus nach mór do CAI féin cloí leis na huasteorainneacha a bunaíodh leis an gcinneadh ar acmhainní dílse.

C. An Seimeastar Eorpach

D'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 7 Meán Fómhair 2010 tabhairt isteach an tSeimeastair Eorpaigh, is é sin timthriall comhordaithe ar bheartas eacnamaíoch ag leibhéal AE a bhfuil sé mar aidhm aige spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach. Is tréimhse sé mhí é an seimeastar sin gach bliain ina mbíonn athbhreithniú le déanamh ar bheartais bhuiséadacha agus struchtúracha na mBallstát d'fhonn aon neamhréireacht nó éagothroime atá ag teacht chun cinn a bhrath. Bunaithe ar mheasúnú eacnamaíoch anailíseach, cuireann an Coimisiún

[4]IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.



treorú nó moltaí beartais ar fáil do na Ballstáit a chumhdaíonn athchóirithe fíoscacha, maicreacnamaíocha agus struchtúrtha. Is é aidhm an tSeimeastair Eorpaigh ná comhordú a neartú fad atá ullmhúchán ar chinntí buiséadacha fós ar siúl ar an leibhéal náisiúnta. Sa bhreis ar chomhordú idir buiséid náisiúnta, tá sé i gceist ag Parlaimint na hEorpa tairbhe a bhaint as sineirgí idir buiséid náisiúnta agus buiséad AE agus comhordú eatarthu a neartú.

Rita Calatozzolo
04/2019

